

## Feidhmeanna Ghlór na nGael

### Feidhmeanna an Mhór-Réimse - Forbairt Phobail agus Eacnamaíochta

Sa mór-réimse **Forbairt Phobail agus Eacnamaíochta**, cuireann Foras na Gaeilge tábhacht ar leith le fo-réimsí atá riachtanach le haghaidh fhorbairt leanúnach an mhór-réimse. Tá tábhacht ar leith leis an phleanáil teanga ag leibhéal an phobail agus ar fhorbairt na Gaeilge ag leibhéal an phobail agus an teaghlaigh sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge ó dheas, agus sa dréacht-straitéis le forbairt na Gaeilge a chosaint agus a fheabhsú ó thuaidh. Tá tábhacht ar leith le forbairt a dhéanamh ar ghné eacnamaíochta na Gaeilge luaite i gcomhthéacs straitéisí teanga sa dá dlínse fosta. Dá réir sin, is mian le Foras na Gaeilge na gnéithe rithábhachtacha seo d'fhorbairt na Gaeilge a chur chun cinn mar a leanas:

#### Forbairt Phobail

1. **Straitéis** le haghaidh fhorbairt na Gaeilge ag leibhéal an phobail a fhorbairt agus a chur chun cinn don dá dhlínse a chuimseoidh gnéithe uilig de chur chun cinn na teanga ag leibhéal an phobail, agus tuairisciú i leith fheidhmiú na Straitéise;
2. **Comhairle, tacaíocht agus eolas** a sholáthar do ghrúpaí pobal-bhunaithe, ina measc grúpaí atá ag plé le forbairt líonraí Gaeilge agus le bailte seirbhíse Gaeltachta. **Múnlaí pleanála teanga oiriúnacha a aimsiú agus a mholadh dóibh agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh**, a chuideoidh leo pobail úsáidte Gaeilge a bhunú agus a bhuanú ina gceantar féin; agus
3. Tacaíocht, treoir agus oiliúint a chur ar fáil do **ghréasán d'oifigigh forbartha Gaeilge (idir oifigigh SPG, CLG, CCÉ agus Chomhairlí Áitiúla)** sa dá dhlínse.

#### Feidhmeanna a bhaineann le Tógáil Teaghlaigh le Gaeilge

4. Comhairle, tacaíocht agus eolas a chur ar fáil sa dá dhlínse agus ag leibhéal an phobail logánta do **theaghlaigh** atá ag iarraidh teaghlach a thógáil le Gaeilge;
5. Éascú a dhéanamh ar **bhunú agus ar bhuanú líonraí** de theaghlaigh atá á dtógáil le Gaeilge ag leibhéal an phobail **logánta** Gaeilge;
6. **Cur chuige straitéiseach** i gcomhar le Ceanneagraíochtaí agus páirtithe ábhartha eile, na húdaráis stáit san áireamh, i leith tógáil teaghlaigh le Gaeilge a fhorbairt ar sa dá dhlínse; agus
7. Bheith ag obair i gcomhpháirt le Conradh na Gaeilge, agus le páirtithe ábhartha eile le **feachtais feasachta** spriocdhírthe agus ar bhonn leanúnach a chur sa tsiúl le dul i bhfeidhm ar aosaigh óga maidir le tógáil teaghlach le Gaeilge.

#### Feidhmeanna d'fhorbairt na ngnéithe eacnamaíochta den Ghaeilge

8. **Forbairt na fiontraíochta** sa chomhphobal Gaeilge ag leibhéal áitiúil a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí ar mian leo gnó a riar tríd an Ghaeilge agus
9. Cuidiú le bunú tionscadail eacnamaíochta phobal-bhunaithe agus an Ghaeilge mar mheán cumarsáide iontu;

10. Comhairle, tacaíocht agus eolas a chur ar fáil don **phobal gnó lena spreagadh** le tacú le húsáid na Gaeilge ina gcuid gnónna.

#### Eile

Bunaithe ar na feidhmeanna agus ar na freagrachtaí thuas:

11. A bheith páirteach i dtionscadail agus tionscadail a stiúradh, i gcomhpháirt le comhpháirtithe eile ar an Fhóram Comhpháirtíochta.
12. Pleananna Straitéiseacha agus oibríochtúla a réiteach i gcomhpháirt le comhpháirtithe eile ar an Fhóram Comhpháirtíochta ar bhonn tráthrialta;
13. Iarratais thráthúla ar mhaoiniú a chur faoi bhráid Fhoras na Gaeilge bunaithe ar an pleananna sin.